# Leabhrán Eolais D’Iarrthóirí

*Léigh go cúramach le do thoil*

Tóg Todhchaí Níos Fearr



Oidhreacht Éireann
OPW

**Comórtas oscailte chun duine a cheapadh mar**
**Threoraí Séasúrach/Oifigeach Eolais**

Oifig na nOibreacha Poiblí.

Ní mór foirm iarratais a líonadh ar www.heritageireland.ie agus ba chóir aon cheist maidir leis an bpróiseas iarratais a sheoladh chuig guiderecruitment@opw.ie.

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as gach gné den chomórtas seo.

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Beidh an feachtas seo á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Foilsíonn CPSA na cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

Nuair a foilsíodh an leabhrán seo, bhí an t-eolas ar fad cruinn.

**Réimsí Freagrachta an OPW**

Is comhlacht stáit é Oifig na nOibreacha Poiblí a bhfuil freagracht aici as oidhreacht thógtha na hÉireann a chosaint. Baintear é sin amach trí Shéadchomharthaí Náisiúnta, Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla agus Foirgnimh Rialtais a chaomhnú, a chur i láthair agus a bhainistiú. Tá 780 láithreán inár bpunann éagsúil ó gach ré stairiúil lena gcuimsítear láithreáin idir an ré réamhstairiúil agus ré dhéanach na meánaoise inár stair féin.

**Treoraí Séasúrach / Oifigeach Eolais**

**An post**

Tá Seirbhísí Cuairteoirí Oifig na nOibreacha Poiblí ag lorg daoine díograiseacha chun a bheith páirteach i bhFoireann Treoraithe ag Láithreáin Séadchomhartha Náisiúnta/ Ionaid Náisiúnta Réadmhaoine Stairiúla faoina gcúram. Úsáidfear an comórtas seo le réimse post sealadach/séasúrach a líonadh i mbliana.

D'fhéadfadh fad na fostaíochta séasúraí a bheith éagsúil, ag brath ar na riachtanais oibríochtúla áitiúla. Uaireanta, d'fhéadfadh dátaí tosaithe agus dátaí críochnaithe an tséasúir athrú freisin ar na cúiseanna céanna.

Áirithe i Ról an Treoraí Shéasúraigh/Oifigigh Eolas beidh:

**Cosaint an láithreáin**

- Cinntiú go gcloífear le pé rialacha atá ann do chuairteoirí.
- Bheith freagrach as slándáil agus sábháilteacht ag an láithreán.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chuairteoirí ar mhaithe le smacht a choinneáil agus cur isteach ar an láithreán a chosc.
- Cuidiú le forbairt agus cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí oideachais.
- Cuidiú le forbairt taispeántas agus imeachtaí a eagrú, más gá.

**Fáiltiú na gCuairteoirí agus Ábhair Ghaolmhara**

- Fáilte a chur roimh chuairteoirí chuig an láithreán
- Cuntas ar an láithreán agus na háiseanna a thabhairt do chuairteoirí
- Riarachán ticéad agus admhálacha
- Litríocht, cártaí poist agus póstaeir a dhíol
- Airgead a chomhaireamh agus admhálacha a réiteach
- Stoc a chomhaireamh
- An oifig fáiltithe agus áiseanna eile an láithreáin a choinneáil glan agus slachtmhar
- Trealamh closamhairc nó trealamh cuí eile a oibriú
- Déileáil le fiosrúcháin fóin
- Déileáil le háirithintí don láithreán
- Ag déileáil le fiosruithe faoin gceantar agus na háiseanna cuairteoirí a ghabhann leis

- Ag cuidiú leis an gcóras bainistithe áirithintí ar líne do dhaoine aonair agus do chuairteoirí gnó (Tionscnóirí Turas) araon - nuair is infheidhme
- Staitisticí ar líon na gcuairteoirí a chur i dtoll a chéile agus a chur ar fáil

**Cur Chun Cinn agus Léirmhíniú an Láithreáin**

- Cur amach ar gach gné de thábhacht agus cúlra an láithreáin
- Do thráchtaireacht turais féin a fhorbairt i gcomhairle leis an stiúrthóir agus na treoraithe eile
- Turais treoraithe a stiúradh
- Turas treoraithe a chur in oiriúint do ghrúpaí ar leith
- Déileáil le mionfhiosrúcháin faoi ghnéithe ar leith den láithreán
- Dualgais lasmuigh lena n-áirítear Maoirseacht Páirce ach gan a bheith teoranta dó
- Dualgais feitheoireachta
- Caithfidh sé a bheith ar chumas gach iarrthóra na dualgais ar fad a bhaineann leis an bpost a bhaint amach.

Ina theannta sin, beidh ar an sealbhóir poist aon dualgas a bhaineann leis an bpost, a thugtar dó/di ó am go chéile, a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh i bhforbairt an phoist agus sé/sí i seilbh oifige.

**Coinníollacha Seirbhíse:**

Eolas Ginearálta um Fhostaíocht mar Threoraí Séasúrach/Oifigeach Eolais

***1. Ráta Pá***

Ba chóir d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go dtosófar ag íosmhéid an scála agus ní bheidh caibidlíocht tuarastail i gceist. D’fheadfadh an ráta íocaíochta a bheith leasaithe ó am go ham ar aon dul le beartas Rialtais. (€15.69 – €24.28 san uair)

***2. Seachtain Oibre***

Ní mór do threoraithe séasúracha lánaimseartha, mura gcuirtear a mhalairt in iúl, oibriú ar uainchlár (cúig lá thar seacht lá na seachtaine lena n-áirítear deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí). Teastaíonn solúbthacht tinrimh, tinreamh tráthnóna san áireamh nuair is gá

***3. Pá Domhnaigh***

Am + Am le haghaidh uaireanta a oibrítear

***4. Teidlíocht Saoire Bhliantúil***

Socrófar liúntas saoire bhliantúil na dTreoraithe Oidhreachta (Séasúrach) ag méid pro-rata den uasmhéid 25 lá arb é an liúntas bliana iomlán é. Mar gheall ar nádúr séasúrach an phoist, d’fhéadfadh srianta áirithe a bheith i bhfeidhm maidir leis an am saoire a ghlacann

Treoraithe le linn a bhfostaíochta séasúraí. Nuair is infheidhme, íoctar pá in ionad saoire ag deireadh na tréimhse oibre.

### *5. Uaireanta Oibre*

Níl uaireanta seasta ann agus d'fhéadfaidís athrú ó láithreán go láithreán. Socrófar uaireanta oibre ag brath ar riachtanais bainistíochta áitiúla le linn thréimhse d'fhostaíochta.

### *6. Timpeallacht Oibre Fhisiciúil agus Cumas Iarrthóra*

Teastaíonn obair fhorleathan ghutha chun tabhairt faoi thurais agus déileáil le grúpaí cuairteoirí. Bíonn obair i ndrochaimsir, obair i spásanna cúnga, obair ar airde agus ar thalamh mhíchothrom i gceist ag suíomhanna áirithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbíonn talamh i suíomhanna áirithe dúshlánach.

Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost, deimhníonn an t-iarratasóir nach ann d'aon rud ar bhunús sláinte a chuirfeadh cosc ar an iarratasóir ó riachtanais an phoist a shásamh ar bhealach comhsheasmhach agus sásúil agus go mbíonn an t-iarratasóir go hiomlán inniúil, cumasach agus ar fáil chun tabhairt faoi dhualgais an phoist.

Beidh ar cheapaithe ceistneoir sláinte ar líne a chomhlánú agus beidh orthu a dhearbhú chomh maith, sula gceaptar iad, go bhfuil sé ar a gcumas tabhairt faoi na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost. Le bheith fostaithe sa phost, beidh ar an gceapaí a bheith in ann riachtanais an phoist a shásamh go hiomlán i gcónaí.

Más mian le hiarrthóir aon chóiríocht, oiriúnú nó éascú san ionad oibre a iarraidh, tar éis dó/di tairiscint cheapacháin a fháil, is féidir leis an iarrthóir aon socruithe a aithint ar an bhfógra éigeantach 'Foirm Dhaonáirimh Foirne' le cur ar ais chuig Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais (DLO) OPW mar chuid dá ngnóthais réamhfhostaíochta.

### *7. Gnás Feistis*

Ní mór duit cloí le cód néata feistis le linn uaireanta oibre. Cuirtear éide do threoraithe ar fáil ag suíomhanna áirithe. Seachas sin, b'fhéidir go mbeidh liúntas éide do threoraithe iníoctha sa chás gur riachtanas bainistíochta é go nglacann treoraithe le córas éadaí dathchódaithe.

### *8. Aoisliúntas*

Maidir le Treoraí Séasúrach / Oifigeach Eolais, a earcaítear roimh 1 Eanáir 2013, soláthraítear sochair aoisliúntais de réir théarmaí na Scéime Aoisliúntais Neamhranníocach do Státseirbhísigh Neamhbhunaithe.

**Tá ballraíocht sa scéim éigeantach.**

Is é 65 an aois scoir íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha do chomhaltaí na Scéime seo agus is é 70 an aois scoir éigeantach.

Tá an pinsean seo comhtháite leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, Pinsean Stáit (Ranníocach) atá iníoctha faoi láthair le héifeacht ó 66 bliain d'aois.

Tá an pinsean seirbhíse poiblí a íoctar faoin Scéim seo bunaithe ar an mbonn tuisceana go bhfaighidh an duine an Pinsean Stáit (Ranníocach) freisin, ag an uasráta pearsanta nuair a rachaidh an duine sin ar scor.

Sa chás nach dtarlaíonn sé seo, d'fhéadfadh Pinsean Forlíontach a bheith iníoctha, ar iarratas ón gcomhalta atá imithe ar scor (níl aon teidlíocht uathoibríoch ann agus is ar an duine aonair atá an dualgas iarratas a dhéanamh).

Ní bhíonn aois scoir uasta ag baill foirne a ceapadh idir 1 Aibreán, 2004 agus 31 Nollaig, 2012.

Déanfar baill foirne a ceapadh tar éis 1 Eanáir, 2013, ach amháin má bhí siad ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí roimhe seo agus nach raibh sos seirbhíse níos faide ná 26 seachtain acu, a chlárú go huathoibríoch i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá an aois scoir íosta do chomhaltaí Scéime ar aon dul leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit Ranníocach Seanaoise, 66 bliain d'aois faoi láthair.

**Tá ballraíocht sa scéim éigeantach.**

**Tá scor éigeantach ar shroicheadh 70 bliain d'aois.**

Deonaítear pinsin do chéilí agus leanaí cleithiúnacha faoi théarmaí na Scéime Ranníocaí do Chéilí agus Leanaí Státseirbhíseach neamhbhunaithe.

**Tá ballraíocht sa scéim éigeantach.**

Nuair a thairgtear coinne dó/di, cinnfidh an Roinn/Oifig fostaithe, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapaí, cibé acu an 'iontrálaí nua' é/í nó nach ea. Moltar d'iarrthóirí breathnú ar Alt 2 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 maidir leis an sainmhíniú ar "iontrálaí nua". Tá téacs Alt 2 agus den Acht ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.oireachtas.ie.

Ceanglófar ar cheapaithe aon teidlíochtaí ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú.

***9. Fostaíocht Eile***

Ní féidir le ceapaithe a bheith fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí i rith thréimhse an cheapacháin le OPW.

Caithfidh iarrthóirí atá as láthair, agus faomhadh tugtha don asláithreacht sin, ó fhostaíocht eile a chinntiú nach bhfuil siad ag cur as a dtéarmaí asláithreachta trí ghlacadh le post le OPW; caithfear cruthúnas na dtéarmaí seo a sholáthar dúinn.

Caithfidh iarrthóirí atá fostaithe ar scéimeanna fostaíochta pobail a gcáilitheacht don phost a dheimhniú, agus cruthúnas óna s(h)oláthraí a chur ar fáil, i leith a c(h)áilitheachta don phost.

***10. Coinníollacha Cáilitheachta agus Fostaíochta***

Tá an t-iarrthóir freagrach as a chinntiú go sásaíonn sé/sí na riachtanais cháilitheachta agus go bhfuil sé ar a c(h)umas glacadh leis an bpost seo agus riachtanais an phoist seo a shásamh. Má theipeann air/uirthi aon cheann de na riachtanais cháilitheachta agus na coinníollacha a bhaineann leis an bpost a shásamh, cuirfear deireadh le Conradh Fostaíochta an iarrthóra, má eisíodh ceann.

## PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNAITHE

***1. Conas iarratas a dhéanamh***

Tá an fhoirm iarratais le fáil ar www.heritageireland.ie **amháin**.

Ní mór an Fhoirm Iarratais a líonadh agus a sheoladh go leictreonach ar

www.heritageireland.ie

**Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar sa phost nó ar facs.**

***Próiseas Iarratais***

Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlíonadh agus a chur isteach in aon seisiún amháin ar do bhrabhsálaí. Níl aon deis ann d'fhoirm a shábháil agus filleadh ar an leathanach idirlín chun í a chríochnú sula gcuirtear isteach í. Ná déan athnuachan agus ná brúigh an cnaipe siar ar do bhrabhsálaí sula gcuireann tú an fhoirm chomhlíonta isteach – ní dhéanfar aon eolas atá curtha isteach ag an bpointe sin a shábháil. Cinntigh, le do thoil, go dtuigeann tú riachtanais na foirme sula dtosaíonn tú.

Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlíonadh.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne sa chomórtas.
Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta.

***Teagmháil***

Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas taobh istigh de 24 uair tar éis d'iarratas a chur isteach, seol ríomhphost chuig **guiderecruitment@opw.ie**

D'fhéadfadh go mbeadh gearrliosta i gceist sa chomórtas seo agus mar sin seans nach gcuirfear agallamh ort fiú má ghlacfar sa chomórtas thú, Anuas air sin, ní chiallaíonn cuireadh chun agallaimh go nglacann Oifig na nOibreacha Poiblí leis go gcomhlíonann an t-iarrthóir na riachtanais nó nach bhfuil an t-iarrthóir dícháilithe ó cheapachán, de réir dlí. Ní ráthaíonn sé sin, ach oiread, go bpléifear d'iarratas tuilleadh.

Is fút féin atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula gcuirtear faoi agallamh thú. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin, cuirfidh tú costas gan gá ort féin.
Ní bheidh Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as costais ar bith a tharraingeoidh iarrthóir air/uirthi féin a aisíoc.

***An Próiseas Roghnaithe***

D'fheadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnaithe:

- Gearrliostú iarrthóirí de réir an eolais atá ar fáil ar a bhfoirmeacha iarratais

- Agallamh Iomaíoch

Ba cheart d’iarrthóirí a bheith ar fáil ar na dátaí a leagann Oifig na nOibreacha Poiblí amach agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a sholáthraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn agus ceart. Ní bheidh Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin.

I gcás go dtugtar faoi chleachtadh gearrliostaithe, scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais agus déanfaidh siad iad a mheasúnú in aghaidh critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist agus an líon dóchúil post inlíonta in aon láthair ar bith.

**Is ar mhaithe leat féin, mar sin, go dtabharfá mionchuntas cruinn ort féin, idir cháilíochtaí agus thaithí, ar an bhfoirm iarratais.**

Sula moltar duine don cheapachán seo, déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán. Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar don cheapachán sin, nó má éiríonn sé/sí as tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, mar is toil leo, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

**SEICEÁLACHA TEISTIMÉIREACHTAÍ**

Sula measfar go bhfuil an OPW oiriúnach lena c(h)eapadh chuig post, ní mór dó/di a bheith sásta maidir le carachtar iarrthóra agus maidir lena c(h)uid oibre a dhéanamh roimh ré, más ann dó/di. Chun é sin a dhéanamh, socróimid seiceálacha tagartha a dhéanamh leis an réiteoir a chuirfear ar fáil ar d’fhoirm iarratais.
**Maidir le haon fhostaíocht de chuid an OPW a bhí ann roimhe seo, déanfaimid teagmháil dhíreach le bainistíocht rannóige chun teistiméireacht a fháil.**

***Aiseolas***

Tabharfar aiseolas ar fáil ar iarratas tar éis gach céim den phróiseas roghnaithe.

## EOLAS GINEARÁLTA

***1. Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar***

Glacfar leis go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar

a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar Oifig na nOibreacha Poiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena (h)iarrthóireacht.

## *2. <u>Imréiteach / Slándáil an Gharda Síochána</u>*

Ceanglófar ar gach iarrthóir agus a (h)oiriúnacht á cinneadh páirt a ghlacadh i nGrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula mbronnfar Conradh Séasúrach fostaíochta orthu.

Seolfar foirm iarratais ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (NVB a1) trí ríomhphost chuig iarrthóirí a mheastar a bheith oiriúnach do Chonradh Séasúrach. Beidh ar iarrthóirí an fhoirm chomhlánaithe mar aon leis an gcáipéisíocht bhunaidh a chur i láthair go pearsanta do bhainisteoir suímh ainmnithe an OPW chun cruthúnas ar a nAitheantas Fótagrafach agus cruthúnas ar sheoladh reatha a fhíorú. Nuair a gheofar an t-eolas seo inár gCeannoifig, seolfar ríomhphost chuig an iarrthóir chun iarratas níos mionsonraithe a chomhlánú don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

**Tabhair le fios le do thoil:** Is ar an iarrthóir féin a bheidh aon chostais bainteach leis an bpróiseas seo, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh costais a bheith substaintiúil nuair a bhíonn imréiteach ag teastáil ó thíortha eile. É sin ráite, a luaithe a bhíonn imréiteach ag duine ó cibé tír ina raibh cónaí air/uirthi, is féidir é a úsáid ansin in aon phróiseas Grinnfhiosrúcháin Garda ar mhaith leis/léi a bheith páirteach ann amach anseo.

## <u>Imréiteach Thar Lear (Deimhniú Póilíní)</u>

Má chónaigh tú lasmuigh de Phoblacht na hÉireann nó Tuaisceart Éireann fad a bhí tú os cionn 18 mbliana d'aois ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos faide, tá ort Imréiteach Thar Lear a sholáthar do gach ceann de na tíortha inar chónaigh tú. Caithfidh d'imréiteach slándála a bheith dátaithe i ndiaidh duit an tír sin a fhágáil agus caithfidh sé tréimhse iomlán do chónaithe a chumhdach. Tá an t-iarratasóir freagrach as imréiteach a lorg ó thíortha eile agus caithfidh an t-iarratasóir íoc as na costais go léir a thabhaítear sa phróiseas. Próiseas atá ann a d'fhéadfadh roinnt ama a ghlacadh agus molaimid go gcoimeádann an t-iarratasóir an bhunchóip den cháipéis seo.

**Ar mhaithe le cuspóirí OPW, ní mheasfar go mbeidh grinnfhiosrúchán iarratasóra críochnaithe go dtí go bhfaighimid an tImréiteach Thar Lear ábhartha (Deimhniú Póilíní).**

*Ní choinneoidh Oifig na nOibreacha Poiblí na doiciméid a bhaineann le do ghrinnfhiosrúchán Garda ar feadh níos mó ná bliain amháin*

## <u>Riachtanais Saoránachta</u>

**Ní mór d'iarratasóirí:**

**(a) A bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó**

**(b) A bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó**
**(c) A bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó**
**(d) A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4;**

**Tabhair faoi deara: go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, inghlactha mar choibhéis Stampa 4.**

**Iarratasóirí neamh-AE/LEE**

Faoin Acht um Cheadanna Fostaíochta 2003, arna leasú, ní mór do gach saoránach **neamh-AE/LEE** cead/víosa/cead oibre bailí a bheith acu sular féidir a mheas go bhfuil siad incháilithe d'fhostaíocht ionchasach san OPW.

**Mura gcuirtear fianaise dhoiciméadach ar fáil ar chead oibre bailí nó i gcás ina gcruthaítear go bhfuil an fhianaise a cuireadh ar fáil neamhbhailí, cealófar an tairiscint fostaíochta. Ná cuir isteach foirm iarratais le haghaidh na bpost seo mura bhfuil cead oibre/víosa/cead bailí agat.**

### *3. An Tábhacht a Bhaineann le Rúndacht*

Ba mhaith linn a chur in iúl duit go dtugaimid tosaíocht maidir le do rúndacht a chosaint. Pléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí le hard-rúndacht agus ní thugtar aon eolas do dhuine ar bith taobh amuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an gné sin den phróiseas.

### *4. Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí*

Tá sé mar aidhm againn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá iarrthóirí míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil, iarraimid orthu an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne lena mbaineann. Tá sé seo tábhachtach de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun leigheas a chur ar an scéal..

### *5. Nósanna imeachta i gcás go n-iarrann iarrthóir athbhreithniú ar Chinneadh a glacadh maidir lena (h)iarratas*

Féadfaidh iarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh má tá sé/sí míshásta le gníomh nó le cinneadh a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Déanfaidh OPW iarratais ar athbhreithniú a mheas i gcomhréir le forálacha **Alt 7** *den Chód Cleachtais Ceapacháin I bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an Coimisiún). Nuair a bhíonn iarraidh á déanamh ar athbhreithniú, ní mór go dtacódh an t-iarrthóir lena (h)iarraidh trí bhreac-chuntas a thabairt ar na fíricí a thaispeánann, dar leis/léi, go raibh an gníomh nó an cinneadh a rinneadh mícheart. D'fhéadfadh sé go ndiúltófaí iarraidh ar athbhreithniú mura féidir leis an iarrthóir tacú lena (h)iarraidh.

Molann an Coimisiún, faoi réir thoiliú an iarrthóra, i gcás go measann an sealbhóir oifige (sa chás seo Sealbhóir Oifige an OPW), go bhféadfaí an cheist a réiteach ba cheart dó/di iarracht a dhéanamh páirt a ghlacadh i bplé ar bhonn neamhfhoirmiúil i dtús báire, sula mbaintear úsáid as an bpróiseas athbhreithnithe foirmiúil.

**Tagair, le do thoil, do www.cpsa.ie i gcomhair nósanna imeachta maidir le hAthbhreithnithe Neamhfhoirmiúla agus Foirmiúla faoi Achomharc Alt 7, tabhair do d'aire go bhfuil amlínte dochta i bhfeidhm i ngach cás.**

**An Próiseas Gearán**

D'fhéadfadh sé go gceapfadh iarrthóir go ndearna OPW sárú ar Chód Cleachtais an Choimisiúin agus go bhféadfadh sé gur cuireadh as do shláine an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Cuireann an próiseas gearán ar chumas iarrthóirí (nó iarrthóirí ionchasacha) gearán a dhéanamh **faoi Alt 8** chuig Sealbhóir Oifige an OPW ar an gcéad dul síos, agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc má tá sé/sí míshásta fós.

- Ba cheart líomhaintí maidir le sárú ar an gCód Cleachtais a sheoladh i scríbhinn chuig an Sealbhóir Oifige ar an gcéad dul síos, **agus é sin a dhéanamh taobh istigh d'amlíne réasúnach.** Ní mór don ghearánaí breac-chuntas a thabhairt ar na fíricí a thaispeánann, dar leis/léi, go raibh an próiseas a leanadh mícheart. Chomh maith leis sin, ní mór don ghearánach an ghné den Chód a sáraíodh, dar leis/léi, agus aon doiciméid ábhartha a d'fhéadfadh tacú leis an líomhain a chur faoi iamh. D'fhéadfaí diúltú don ghearán mura bhféadann an gearánach tacú lena c(h)uid líomhaintí tríd an mbealach ar loic an OPW maidir le prionsabail an Chóid seo a chur in iúl.

- Nuair a fhaightear gearán, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh OPW plé a dhéanamh leis an ngearánach ar bhonn neamhfhoirmiúil.

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar na nósanna imeachta um próiseas gearán thuas, féach le do thoil an Cód Cleachtais um Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie**

Níl aon oibleagáid ar an OPW próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad agus atá iarraidh ar athbhreithniú á breithniú aige. Tabhair do d'aire, le do thoil, i gcás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin faoi **Alt 7** den Chód Cleachtais seo, nach bhféadfaidh gearánach athbhreithniú breise ar an bpróiseas céanna a lorg faoi **Alt 8,** ach amháin i gcúinsí atá thar a bheith eisceachtúil agus a chinnfidh an Coimisiún de réir a lánrogha iomlán.

**Iarratais ar Aiseolas/Athsheiceálacha ar Scrúduithe**

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil ach iarratas a dhéanamh i scríbhinn. Níl aon amlíne ar leith leagtha síos chun aiseolas a sholáthar ná chun

athsheiceálacha a dhéanamh. Tabhair do d'aire, le do thoil, gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe atá leagtha síos sa Chód Cleachtais le hamlínte sonraithe nach mór cloí leo. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a agairt. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula ndéantar an córas athbhreithnithe a agairt. Ní féidir síneadh a chur leis an amlíne atá leagtha síos i gCód CPSA ar chúis ar bith, lena n-áirítear soláthar aiseolais agus/nó torthaí athsheiceálacha.

***6. Oibleagáidí na nIarrthóirí***

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go **ndícháileofar iarrthóirí de bharr canbhasáil** a dhéanamh agus go ndéanfar iad a chur as an áireamh ón bpróiseas dá dheasca.

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a sholáthar go feasach nó gan smaoineamh
- canbhasáil a dhéanamh ar dhuine ar bith, le mealladh nó gan mhealladh
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- cur as nó baint den phróiseas ar aon bhealach

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion.

Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh é/í de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

***7. Cosaint Sonraí***

Trí fhoirm iarratais a chur isteach chun críche iarratas a dhéanamh ar earcaíocht chuig post treoraí séasúrach laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí, tugann iarrthóirí toiliú go ndéanfar na sonraí pearsanta a chuirtear isteach a phróiseáil mar chuid den phróiseas roghnúcháin agus de riarachán an chomórtais sin.

Nuair a thagann d'fhoirm iarratais isteach cruthaítear taifead faoi d'ainm, ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a sholáthair tú.

Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus má éiríonn leat, seolfar eolas áirithe a sholáthraíonn tú chuig Acmhainní Daonna agus an bhainistíocht áitiúil ar mhaithe le cuspóirí riaracháin fostaíochta.

Bíonn an fhaisnéis siúd a choimeádtar ar ríomhaire faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna agus na Rialacháin um Chosaint Sonraí.

Chun iarraidh ar rochtain um chosaint sonraí a dhéanamh, seol d'iarraidh ar aghaidh, le do thoil, i scríbhinn chuig: Earcaíocht Treoraí, Seirbhísí do Chuairteoirí, Aonad 20, Páirc Mhiondíola Chois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo agus cinntigh go ndéanann tú cur síos cuimsitheach ar na cuntais a theastaíonn uait ionas gur féidir linn an cuntas cuí a aimsiú.